Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9296/22**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0108(COD)**
**2018/0107(COD)**

**COPEN 206**
**JAI 702**
**CYBER 184**
**JAIEX 58**
**ENFOPOL 287**
**TELECOM 239**
**DATAPROTECT 168**
**EJUSTICE 56**
**MI 416**
**CODEC 767**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8484/22<br>8485/22 |
| Ábhar: | Rialachán maidir le horduithe Eorpacha chun fianaise a thabhairt ar aird agus orduithe caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach<br>Treoir maidir le hionadaithe dlí agus fianaise á bailiú<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

*Comhthéacs ginearálta*

Ghlac an Coimisiún an dá thogra sin le haghaidh rialachán agus treorach i mí Aibreáin 2018. Tar éis don Chomhairle glacadh le cur chuige ginearálta agus don Pharlaimint tuarascáil a eisiúint, cuireadh tús leis na cruinnithe tríthaobhacha i mí Feabhra 2021. Ón tús, feictear go bhfuil tuairimí éagsúla ag na comhreachtóirí maidir le gnéithe áirithe de na téacsanna. Tá an dul chun cinn sa chaibidlíocht mall go leor.

*Nós imeachta*

Cuireadh tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid Chomhairle CGB i mí an Mhárta seo caite[1]. Ó shin i leith, chuir an Uachtaránacht dlús lena hiarrachtaí teacht ar chomhaontú leis an bParlaimint.

Dúirt an Pharlaimint i mí an Mhárta go raibh sí réidh chun filleadh ar an obair ar an leibhéal teicniúil ar an gcoinníoll go dtabharfadh an Chomhairle freagra ar a tograí go foirmiúil agus i scríbhinn. Dá bhrí sin, an 18 Márta d'fhormheas Coreper litir fhoirmiúil freagartha[2] ar na tograí ón bParlaimint agus chuir sé chuig rapóirtéir na Parlaiminte í. Thug an rapóirtéir freagra inar chuir siad i bhfios go láidir na difríochtaí suntasacha atá fós ann idir seasaimh na gcomhreachtóirí, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le córas fógartha orduithe.

Tar éis teagmhálacha iomadúla agus tograí breise ón Uachtaránacht, tosaíodh arís ar an obair ar an leibhéal teicniúil agus tionóladh cruinniú idirinstitiúideach sa Pharlaimint an 17 Bealtaine. D'éiligh an Uachtaránacht amchlár i gcomhair plé rialta a shocrú, lena dtacófaí le dul chun cinn éifeachtach maidir leis an bplé. Leis sin, bhíothas in ann tuilleadh cruinnithe teicniúla a shocrú agus chuirfí tús arís leis an bplé ar an leibhéal polaitiúil an 14 Meitheamh. Tá plé ar siúl de mheon an chomhair, ach tá formhór na ndifríochtaí fós ann...

Cuireadh an Mheitheal inniúil (an Mheitheal um Chomhar Breithiúnach in Ábhair Choiriúla) agus COREPER ar an eolas agus chuathas i gcomhairle leo go rialta le linn na caibidlíochta leis an bParlaimint.

*Ar shubstaint*

Tá an Uachtaránacht den tuairim go bhfuil fonn ar an dá thaobh teacht ar chomhréitigh a bheadh inghlactha ag na comhreachtóirí. Is féidir teacht ar réitigh ar fhormhór na n-airteagal. D'oibrigh an Uachtaránacht chun a áirithiú go gcumhdófar leis an bplé na saincheisteanna go léir a d'ardaigh na dréachtaí sin agus ionas nach ndíreoidís go hiomlán ar na saincheisteanna is mó a bhfuil na comhreachtóirí i bhfad uathu. D'éirigh leis an gcur chuige cuimsitheach sin agus tá gach saincheist ar chlár oibre na gcruinnithe teicniúla leanúnacha leis an bParlaimint anois.

[1] 6322/22.
[2] 7106/22.

Mar sin féin, tá éagsúlachtaí suntasacha ann go fóill, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- na rialacha maidir leis an gcóras chun fógra a thabhairt faoi orduithe, a bhfuil córas fógra éigeantach ina leith fós ag teastáil ón bParlaimint le haghaidh gach ordaithe a bhaineann le sonraí tráchta nó inneachair, gan beann ar bhunús na n-imeachtaí coiriúla sa Stát eisiúna a bhfuil géarghá leis na sonraí sin ina leith. Is cosúil nach bhfuil an Chomhairle in ann an réiteach sin a fhormheas;

- rialacha a bhaineann leis an gcóras cosanta sonraí, a bhfuil saincheisteanna teicniúla agus substainteacha ina leith gan réiteach i gcónaí;

- ábhar an liosta d'fhorais lena dhiúltú ordú a fhorghníomhú.

Go ginearálta, chuir an Uachtaránacht i bhfios go láidir i gcónaí, agus cosaint na gceart bunúsach á háirithiú ag an am céanna, gur cheart go mbeadh an dá théacs éifeachtach agus éasca le cur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, déanfar measúnú ar aon dréacht-chomhréiteach i bhfianaise feidhmiú foriomlán an tsásra a tháinig as.

*Ionchas*

Agus tús á chur arís leis an gcaibidlíocht fhoirmiúil le déanaí, tá dul chun cinn maith á dhéanamh, cé go bhfuil go leor fós le déanamh. Leanfaidh an Uachtaránacht dá hiarrachtaí go dtí go mbeidh deireadh lena sainordú chun an obair a chur ar aghaidh sa Chomhairle agus lena hiarrachtaí sa chaibidlíocht leis an bParlaimint. Cuirfidh sí ar chumas Uachtaránacht nua Phoblacht na Seice, más gá, leanúint den obair faoi na dálaí is fearr is féidir.

---